

13.1

Iompar idir limistéir thionsclaíocha nó aerfoirt

I gcás lastais níos giorra d'earraí contúirteacha de bhóthar nó easbhóthair idir limistéir thionsclaíocha nó aerfoirt, is féidir le Gníomhaireacht na Sualainne um Theagmhais Shibhialta, ar iarratas i scríbhinn, díolúintí a dheonú ó fhorálacha Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an reacht seo, má mheastar go bhfuil údar cuí leis mar gheall ar chostais iomarcacha; rioscaí a bhaineann le trasloingsiú nó a leithéid.

Baineann an fhéidearthacht maidir le díolúintí mar a thuairiscítear thuas leis an méid seo a leanas:

- pacáistí a cheadú, lena n-áirítear coimeádáin idirmheánacha builc (IBCanna) 0 agus mórfhacáistíocht, i gcomhréir le foroinn 4.1.1.3.1 d'Iarscríbhinn A;

marcáil agus lipéadú pacáistí i gcomhréir le Caibidil 5.2 d'Iarscríbhinn A;

- doiciméadacht iompair i gcomhréir le Caibidil 5.4 d'Iarscríbhinn A;

- trealamh ar aonaid iompair i gcomhréir le roinn 8.1.4 agus roinn 8.1.5 d'Iarscríbhinn B;

- oiliúint tiománaithe i gcomhréir le roinn 8.2.1 agus roinn 8.2.2 d'Iarscríbhinn B; agus

monarú agus ceadú feithiclí i gcomhréir le Caibidil 9.1 d'Iarscríbhinn B.

Déanfar earraí contúirteacha a phacáistiú mar bhulclasta briste agus cuirfear seirbhísí tarrthála an bhardais ar an eolas faoi na lastais a dhéantar.

21.7

Indóiteacht ábhar cúisín

SS-EN 13501-1:2019 Aicmiú dóiteáin táirgí foirgníochta agus eilimintí tógála - Cuid 1: Glactar le haicmiú a úsáideann sonraí ó imoibriú le tástálacha dóiteáin, de réir na dtreoracha pacála P006, P908, P910, LP03, LP904 agus LP905 i gCuid 4 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an reacht seo, mar an caighdeán chun indóiteacht ábhar maolaithe a thástáil. Comhlíonfaidh indóiteacht na n-ábhar Aicme A1 nó Aicme A2 de réir an chaighdeáin, agus ní gá tástáil a dhéanamh ach amháin de réir EN ISO 1182:2020 Imoibriú i leith tástálacha dóiteáin ar tháirgí - Tástáil neamh-indóiteachta (ISO/DIS 1182: 2019).